An Roinn Oideachais
Department of Education

**Uimhir Chiorcláin: 0056/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna agus na nIar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Beart costas maireachtála chun tacú le freastal ar an méadú i gcostais reatha scoile

## 1. Réamhrá

1.1. Is é cuspóir an chiorcláin seo breac-chuntas a thabhairt ar na socruithe i ndáil leis an mbeart costas maireachtála ar fiú €60 milliún san iomlán é a íoc chun tacú le freastal ar an méadú i gcostais reatha scoile, ar beart é a fógraíodh mar chuid de na bearta costas maireachtála atá i mBuiséad 2024.

1.2. Íocfar an deontas le Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais, lena n-áirítear Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, agus le Boird Oideachais agus Oiliúna i leith scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna.

1.3. Eiseofar an chéad tráthchuid €20 milliún den deontas seo chuig scoileanna go luath, agus eiseofar an €40 milliún eile sa bhliain 2024. Eiseofar tuilleadh mionsonraí faoin gcuid eile den deontas a íoc sa bhliain 2024.

## 2. Cuspóir an Deontais

2.1. Is trí dheontais per capita a sholáthraíonn an Roinn cistiú do gach scoil aitheanta sa scéim saoroideachais. Is iad an dá phríomhdheontas ná an deontas Caipitíochta, a sholáthraítear chun freastal ar ghnáthchostais reatha laethúla, lena n-áirítear téamh agus soilsiú, etc., agus an deontas Coimhdeach, a sholáthraítear chun freastal ar an gcostas a bhaineann le baill foirne seirbhísí coimhdeacha a fhostú. Is féidir breathnú ar na deontais sin mar dheontas coiteann a fhéadfaidh an Bord Bainistíochta/an Bord Oideachais agus Oiliúna a úsáid de réir a thosaíochtaí féin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Ciorclán 0040/2009, atá ar fáil ag gov.ie - Soiléiriú maidir le húsáid dhlisteanach maoinithe caipitíochta (www.gov.ie).

2.2. Soláthraíodh cistiú breise mar chuid de na bearta costas maireachtála atá i mBuiséad 2024. Tá sé mar aidhm leis an gcistiú sin a chinntiú go mbeidh tacaí airgeadais ar fáil do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta sa scéim saoroideachais chun freastal ar chostais bhreise fuinnimh agus ar an méadú i ngnáthchostais reatha laethúla eile.

2.3. Maidir le leictreachas agus bulcbhreoslaí téimh, ba cheart do scoileanna agus do Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith ar an eolas gur cuireadh rátaí a idirbheartaíodh go lárnach ar fáil do scoileanna agus do Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí chreataí ar fhoinsigh an Oifig um Sholáthar Rialtais iad. Is féidir faisnéis faoi conas leas a bhaint as na socruithe sin a fháil trí chuairt a thabhairt ar shuíomh Gréasáin an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna ag www.spu.ie nó, i gcás Boird Oideachais agus Oiliúna, trí ríomhphost a sheoladh chuig procurement@etbi.ie.

2.4. Mar gheall ar an gcistiú breise atá á chur ar fáil do scoileanna, táthar ag súil leis nach mbeidh ar scoileanna ranníocaíochtaí deonacha breise a lorg ó thuismitheoirí.

## 3. Socruithe íocaíochta deontais

3.1. Déanfar an deontas costas maireachtála seo a ríomh bunaithe ar rollú aitheanta daltaí ag an 30 Meán Fómhair 2022. Is bunaithe ar rollú 60 dalta ar a laghad atá an deontas a íoctar le scoil a bhfuil a rollú cothrom le 60 dalta nó níos lú ná 60 dalta.

3.2. Tá rátaí breisithe iníoctha i leith daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta agus i leith daltaí den Lucht Siúil atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha chun cabhrú le freastal ar na costais bhreise a bhaineann le costais reatha seomraí ranga ina gcuirtear sainsoláthar ar fáil do líon beag daltaí. Tá na rátaí sin ag brath ar an leibhéal riachtanais ar leith atá i gceist.

3.3. Tá na rátaí caighdeánacha príomhshrutha agus na rátaí breisithe per capita atá iníoctha i leith na chéad tráthchoda €20 milliún den deontas costas maireachtála seo leagtha amach in Aguisín A thíos. Áirítear an ráta príomhshrutha sna rátaí breisithe atá luaite.

3.4. Tá na rátaí caighdeánacha príomhshrutha agus na rátaí breisithe per capita atá iníoctha i leith an deontais iomláin costas maireachtála €60 milliún leagtha amach in Aguisín B thíos. Áirítear an ráta príomhshrutha sna rátaí breisithe atá luaite.

3.5. Is ar áireamh in Aguisíní A agus B freisin atá táblaí ina dtugtar sampla den leibhéal cistiúcháin atá ar fáil do scoileanna de mhéideanna éagsúla.

3.6. Eiseofar an chéad tráthchuid €20 milliún den chistiú seo chuig scoileanna go luath. I gcás scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna, is leis an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann a íocfar an chéad tráthchuid den deontas costas maireachtála.

3.7. Eiseofar an €40 milliún eile den chistiú seo sa bhliain 2024, agus cuirfear tuilleadh mionsonraí ar fáil ag an am sin.

## 4. Scaipeadh agus Ceisteanna.

4.1. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus den Chumann Tuismitheoirí (más ann).

4.2. Ba cheart aon cheisteanna ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh le ríomhphost chuig Rannán na Scoileanna - Airgeadas ag financialetb@education.gov.ie. I gcás Boird Oideachais agus Oiliúna, ba cheart aon cheisteanna a sheoladh chuig Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin na mBord Oideachais agus Oiliúna ag financialetb@education.gov.ie.

**Tom Deegan,**
**Príomhoifigeach**
**Rannán na Scoileanna - Airgeadas**

**Teresa McNeill**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Dáta Eisiúna** 27 Deireadh Fómhair 2023

**Aguisín A – Rátaí deontais agus samplaí den chistiú atá ar fáil do scoileanna i leith na chéad tráthchoda €20 milliún den deontas costas maireachtála**

| Rátaí per capita don chéad tráthchuid den deontas costas maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta | | |
|---|---|---|
| **Rátaí príomhshrutha** | | |
| **Catagóir** | **Faoi bhun 12 bhliain d'aois** | **12 bhliain d'aois agus níos sine** |
| a) Ráta Príomhshrutha | €16.00 | €16.00 |
| b) Scoileanna Náisiúnta atá faoi chothabháil Oifig na nOibreacha Poiblí | €6.40 | €6.40 |
| **Rátaí Breisithe a bhfuil an Ráta Príomhshrutha ar áireamh iontu** | | |
| Lagú Amhairc | €78.00 | €78.00 |
| Lagú Éisteachta | €78.00 | €78.00 |
| Faoi Ollbhodhaire | €80.00 | €80.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha) | €41.00 | €62.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Speisialta) | €52.00 | €78.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach | €78.00 | €78.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Dian/Trom | €80.00 | €80.00 |
| Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Phríomhshrutha) | €41.00 | €62.00 |
| Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Speisialta) | €52.00 | €78.00 |
| Suaitheadh Mothúchánach | €78.00 | €78.00 |
| Diansuaitheadh Mothúchánach | €80.00 | €80.00 |
| Míchumas Fisiciúil | €78.00 | €78.00 |
| Uathachas/Neamhoird ar Speictream an Uathachais | €80.00 | €80.00 |
| Sain-Neamhord Teanga agus Urlabhra | €78.00 | €78.00 |
| Roinnt Cineálacha Míchumais | €80.00 | €80.00 |
| Leanaí den Lucht Siúil | €23.00 | €23.00 |
| Luath-Idirghabháil i leith Neamhord ar Speictream an Uathachais | €80.00 | €80.00 |

| Rátaí per capita don chéad tráthchuid den deontas costas maireachtála d'Iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais | |
|---|---|
| **Cineál Deontais** | **Ráta** |
| Deontas Caighdeánach | €25.00 |
| Deontas do Ranganna Speisialta | €18.00 |
| Deontas do Dhaltaí den Lucht Siúil | €19.00 |

| Sampla den chéad tráthchuid den deontas costas maireachtála Bunscoileanna aitheanta | |
|---|---|
| **Rollú Daltaí** | **Luach an Deontais** |
| Suas le 60 | €960 |
| 100 | €1,600 |
| 200 | €3,200 |
| 400 | €6,400 |
| 600 | €9,600 |
| Tabhair faoi deara: Tá na ríomhaireachtaí sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha | |

| Sampla den chéad tráthchuid den deontas costas maireachtála Iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais | |
|---|---|
| **Rollú Daltaí** | **Luach an Deontais** |
| 200 | €5,000 |
| 400 | €10,000 |
| 600 | €15,000 |
| 800 | €20,000 |
| 1000 | €25,000 |
| 1600 | €40,000 |
| Tabhair faoi deara: Tá na ríomhaireachtaí sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha | |

**Aguisín B – Rátaí deontais agus samplaí den chistiú atá ar fáil do scoileanna i leith an deontais iomláin costas maireachtála €60 milliún**

| Rátaí per capita don deontas iomlán costas maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Faoi bhun 12 bhliain d'aois** | **12 bhliain d'aois agus níos sine** |
| a) Ráta Príomhshrutha | €49.00 | €49.00 |
| b) Scoileanna Náisiúnta atá faoi chothabháil Oifig na nOibreacha Poiblí | €19.60 | €19.60 |
| **Rátaí Breisithe a bhfuil an Ráta Príomhshrutha ar áireamh iontu** | | |
| Lagú Amhairc | €235.00 | €235.00 |
| Lagú Éisteachta | €235.00 | €235.00 |
| Faoi Ollbhodhaire | €241.00 | €241.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha) | €125.00 | €186.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Speisialta) | €156.00 | €235.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach | €235.00 | €235.00 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Dian/Trom | €241.00 | €241.00 |
| Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Phríomhshrutha) | €125.00 | €186.00 |
| Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Speisialta) | €156.00 | €235.00 |
| Suaitheadh Mothúchánach | €235.00 | €235.00 |
| Diansuaitheadh Mothúchánach | €241.00 | €241.00 |
| Míchumas Fisiciúil | €235.00 | €235.00 |
| Uathachas/Neamhoird ar Speictream an Uathachais | €241.00 | €241.00 |
| Sain-Neamhord Teanga agus Urlabhra | €235.00 | €235.00 |
| Roinnt Cineálacha Míchumais | €241.00 | €241.00 |
| Leanaí den Lucht Siúil | €69.00 | €69.00 |
| Luath-Idirghabháil i leith Neamhord ar Speictream an Uathachais | €241.00 | €241.00 |

| Rátaí per capita don deontas iomlán costas maireachtála d'Iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais | |
|---|---|
| **Cineál Deontais** | **Ráta** |
| Deontas Caighdeánach | €75.00 |
| Deontas do Ranganna Speisialta | €53.00 |
| Deontas do Dhaltaí den Lucht Siúil | €57.00 |

| Sampla den deontas iomlán costas maireachtála<br>Bunscoileanna aitheanta | |
|---|---|
| **Rollú Daltaí** | **Luach an Deontais** |
| Suas le 60 | €2,940 |
| 100 | €4,900 |
| 200 | €9,800 |
| 400 | €19,600 |
| 600 | €29,400 |
| Tabhair faoi deara: Tá na ríomhaireachtaí sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha | |

| Sampla den deontas iomlán costas maireachtála<br>Iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais | |
|---|---|
| **Rollú Daltaí** | **Luach an Deontais** |
| 200 | €15,000 |
| 400 | €30,000 |
| 600 | €45,000 |
| 800 | €60,000 |
| 1000 | €75,000 |
| 1600 | €120,000 |
| Tabhair faoi deara: Tá na ríomhaireachtaí sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha | |